Le cur faoi bhráid Rúnaí an chlub go práinneach

Comhairle Contae Fhine Gall,
Rannóg na bPáirceanna

A Rúnaí, a chara,

Ceangailte leis seo tá foirm iarratais ar pháirceanna na Comhairle do shéasúr 2010/11. **Is é an spriocdháta d'fháil Iarratais ar úsáid pháirceanna imeartha i 2010/2011 ná ……. Tabhair do d'aire nach seolfar aon mheabhrúchán agus go bhféadfaí nach ndáilfear an pháirc sa suíomh roghnach ar an iarratas a fhaightear tar éis an spriocdháta. Seolfar foirmeacha iarratais neamhchomhlánaithe nó míchruinne chuig an gclub agus mar sin d'fhéadfaí an spriocdháta a chailleadh.**

Ní mór do chlubanna sacair sonraí gach foirne i ngach aoisghrúpa in iomaíocht i gcomórtais idirchlubanna a thabhairt agus teisteasú bheith acu ó gach Sraith ina bhfuil foirne ag glacadh páirte ag an gclub, ar chúl na foirme atá soláthraithe.

Ní mór do chlubanna CLG sonraí gach foirne i ngach aoisghrúpa in iomaíocht i gcomórtas idirchlubanna sa pheil, san iománaíocht agus sa chamógaíocht a thabhairt. Caithfidh an t-eolas seo bheith deimhnithe ag Bord Chontae Bhaile Átha Cliath agus Bord Camógaíochta Chontae Bhaile Átha Cliath ar chúl na foirme atá soláthraithe.

Sa chás inar féidir le clubanna úsáid a bhaint as páirceanna príobháideacha, tá sé riachtanach go gcuirfí isteach sonraí maidir le hinfhaighteacht agus úsáid na bpáirceanna seo ina n-iomláine ar an bhfoirm iarratais.

Ni ghlacfar le haon iarratas mura bhfuil sé deimhnithe ag an tSraith, Bord Contae, srl. cuí.

Is í an táille i leith ligean cóiríochta na bpáirceanna ná **€ ……** in aghaidh an chlub aosaigh (os cionn 18) le foireann nó dhó. Ní mór do chlubanna le trí fhoireann nó níos mó **€……..** a íoc in aghaidh gach foirne breise. Tá táille riaracháin de **€…….** iníoctha le gach iarratas, idir shinsearach agus shóisearach.

Liostáilte thíos tá tábla ag taispeáint samplaí de shuimeanna táillí, déan na samplaí a staidéar chun cinntiú go gcuireann do chlub isteach an táille ligin ceart lena iarratas.

CLUB	LÍON FOIRNE AOSAIGH	FOIRNE ÓGA TÁ/NÍL	MIONDEALÚ NA dTÁILLÍ	Táille Iomlán Ligin Dlite
SACAR/CLG	0	TÁ		
“ “	1	NÍL		
“ “	2	NÍL		
“ “	4	NÍL		
“ “	6	NÍL		

NÍ MÓR DO GACH CLUB FOIRM IARRATAIS A CHUR ISTEACH ATÁ COMHLÁNAITHE I gCEART, TEASTAS CLEAMHNAITHE STAMPÁILTE AG AN SRAITH CHUÍ, TEASTAS ÁRACHAIS LE SLÁNAÍOCHT SHOILÉIR LE COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL DE MHÉID €6.5 MILLIÚN AGUS AN TÁILLE CHUÍ CHUN GO nDÉANFAR AN tIARRATAS A PHRÓISEÁIL.

Cinntigh go sonraítear amanna imeartha ar maidin nó tráthnóna ar an fhoirm iarratais, mar go ndéantar leithdháileadh de réir amanna sonracha. Mar go bhfuil éileamh ar pháirceanna an-mhór do thráthnónta Shathairn agus maidineacha Dhomhnaigh, tugtar spreagadh do chlubanna iarraidh go socraítear cluichí do thráthnónta Dhomhnaigh. Má tá an iomarca éilimh ann do thráthnónta Shathairn agus maidineacha Dhomhnaigh dáilfear amanna malartacha ar fhoirne.

BA CHEART DO GACH CLUB IAD FÉIN A CHUR AR AN EOLAS MAIDIR LEIS NA COINNÍOLLACHA LIGIN ATÁ CEANGAILTE LEIS SEO AGUS A CHINNTIÚ GO BHFUIL GACH OIFIGEACH AGUS BAINISTEOIR FOIRNE EOLACH GO hIOMLÁN MAIDIR LEO.

Tabhair aird faoi leith ar choinníollacha 17, 18 agus 19 maidir le heangacha a dhaingniú agus úsáid chuaillí báire inaistrithe.

Caithfear an córas 'Netfix' a úsáid chun eangacha a cheangal le cuaillí báire. Tá sliotáin 'Netfix' suiteáilte ag Rannóg na bPáirceanna ar gach cuaille báire. Ní mór do chlubanna scoráin a cheannach agus a cheangal dá n-eangacha. Is féidir scoráin a cheannach ó Roy Industries, Bóthar Oifig an Phoist, Lusca, Contae Bhaile Átha Cliath. Guthán (01) 8437471.

Maidir le heangacha a cheangal le cuaillí báire ní cheadaítear tairní, crúcaí, téip nó sreang a úsáid agus is sárú ar na coinníollacha leithdháilte é a n-úsáid.

Féach freisin coinníoll Uimh. 14 maidir le hiniúchadh páirceanna agus asbhaint ghuaiseacha roimh chluichí.

Déanfar páirceanna a leithdháileadh ar bhonn tús freastail ar an gceann is túiste. D'fhéadfaí nach ndáilfear na páirceanna roghnaithe ar iarratais a fhaightear tar éis an spriocdháta ……...

Má bhíonn aon cheist agat déan teagmháil le Siobhán Mulvey ar 890 5623.

I gcás go ndearna do chlub rúnaí nua a thoghadh le linn an tséasúir dheireanaigh, seol an comhfhreagras seo ar aghaidh chuig an rúnaí atá ann faoi láthair agus cur an Chomhairle ar an eolas dá réir.
Cinntigh go gcuirtear uimhir ghutháin rúnaí/duine teagmhála do chlub (le haghaidh teagmhála le linn uaireanta gnó) ar an fhoirm iarratais. Cuir isteach seoladh ríomhphoist chomh maith má tá sé ar fáil.

Tabhair do d’aire, ba cheart iarratas comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

Rannóg na bPáirceanna, (Dáileadh Páirce)
Comhairle Contae Fhine Gall,
Urlár 1, Halla Contae Fhine Gall
An Phríomhshráid,
Sord, Fine Gall, Contae Bhaile Átha Cliath

Le dea-ghuí

John Burke
Oifigeach Riaracháin
Rannóg na bPáirceanna